RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/897 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2021

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid an tuairiscithe maoirseachta do na húdaráis inniúla agus maidir le comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (PEPP) ([1]), agus go háirithe Airteagal 40(9), an ceathrú fomhír, agus Airteagal 66(5), an tríú fomhír, de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos rialacha comhionanna i Rialachán (AE) 2019/1238 maidir le clárú, monarú, dáileadh agus maoirsiú táirgí pinsin phearsanta a dháiltear san Aontas faoin ainmníocht "Táirgí Pinsin Phearsanta uile-Eorpach" (PEPP).

(2) Tá leibhéal iomchuí mionsonra den fhaisnéis ríthábhachtach d'fhonn próiseas athbhreithnithe maoirseachta rioscabhunaithe agus maoirseacht ar leibhéal táirge a chur chun feidhme. Ba cheart do na teimpléid chun faisnéis a thuairisciú de bhun Rialachán Tarmligthe 2021/896 ([2]) ón gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le léiriú amhairc na faisnéise sin agus ba cheart dóibh léiriú a thabhairt ar an leibhéal mionsonra san fhaisnéis sin.

(3) D'fhonn cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, ba cheart an fhaisnéis a thuairisceofar d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) 2019/1238 a chur isteach ag úsáid teimpléad.

(4) Ba cheart don chreat um chomhar agus um mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, le ÚEAPC, éifeachtúlacht fheidhmiú a gcuid cúraimí agus dualgas faoi seach a éascú, agus maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtúil a áirithiú. Go háirithe, is gá na modhanna, na bealaí, agus mionsonraí eile malartaithe faisnéise a shonrú, lena n-áirítear raon feidhme agus cóireáil na faisnéise a bheidh le malartú.

(5) D'fhonn maoirseacht éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, ba cheart don mhalartú faisnéise agus don chomhar idir údaráis inniúla cineál, scála agus castacht an táirge, agus an fháil atá ar an bhfaisnéis agus an cineál faisnéise agus na sonraí is déanaí agus is ábhartha a chur san áireamh. D'fhonn comhar agus malartú faisnéise éifeachtúil agus caoithiúil a áirithiú, is gá nósanna imeachta agus teimpléid chaighdeánaithe a bhunú.

(6) Ba cheart do na húdaráis inniúla agus do ÚEAPC na nósanna imeachta agus na teimpléid chaighdeánaithe a úsáid freisin le linn dóibh faisnéis a tharchur ar bhonn deonach nuair a mheasann siad go bhféadfadh an fhaisnéis atá ina seilbh a bheith áisiúil d'údarás inniúil eile nó do ÚEAPC, don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus don Údarás Baincéireachta Eorpach.

(7) Ionas go mbeidh údaráis inniúla in ann faire éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe agus ar dháileoirí PEPP, is gá dóibh faisnéis a mhalartú go tráthrialta maidir le PEPPanna atá ar an margadh, amhail na doiciméid faisnéise bunriachtanaí, faisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí trasteorann, agus faisnéis maidir le bearta sriantacha agus maidir le sainiúlachtaí iompair ábhartha.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/896 an 24 Feabhra 2021 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhreise chun an tuairisciú maoirseachta a chóineasú (Féach leathanach 5 den Iris Oifigiúil seo).

(8) D'fhonn cur i bhfeidhm rianúil agus caoithiúil na gceanglas fógra a áirithiú i gcás smachtbhannaí riaracháin agus bearta eile, ba cheart d'údaráis inniúla fógra a thabhairt dá chéile agus do ÚEAPC maidir le haon sárú nó aon sárú amhrasta.

(9) Tá dlúthnasc idir na forálacha sa Rialachán seo maidir le tuairisciú maoirseachta agus comhar idir údaráis inniúla agus le ÚEAPC. Pléann siad le ceanglais maidir le faisnéis ábhartha a thíolacadh agus a chomhroinnt chun maoirseacht a dhéanamh ar PEPP. D'fhonn comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm ag an am céanna, is gá na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme uile a éilítear le hAirteagal 40(9) agus Airteagal 66(5) de Rialachán (AE) 2019/1238 a áireamh i Rialachán Cur Chun Feidhme amháin.

(10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ÚEAPC faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) Rinne ÚEAPC comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus na sochair ghaolmhara ionchasacha maidir leis na caibidlí ar thuairisciú maoirseachta chuig na húdaráis inniúla, agus d'iarr sé comhairle an Ghrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais agus an Ghrúpa Geallsealbhóirí Pinsin Ceirde a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Maidir leis na caibidlí ar chomhar agus malartú faisnéise, ní dhearna ÚEAPC anailís ar na costais agus na sochair ionchasacha, toisc go bhféadfadh sé sin a bheith díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme, ag cur san áireamh gurb údaráis inniúla agus ÚEAPC an t-aon dream amháin ag a seolfar iad agus ní rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

TUAIRISCIÚ MAOIRSEACHTA CAINNÍOCHTÚIL

Airteagal 1

Formáidí an tuairiscithe maoirseachta

Cuirfidh soláthraithe Táirgí Pinsin Phearsanta uile-Eorpacha (PEPPanna) isteach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 40(1) go (5) de Rialachán (AE) 2019/1238 i gcomhréir leis na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) sloinnfear pointí sonraí leis an gcineál sonraí "airgeadaíocht" in aonaid gan deachúlacha cé is moite de theimpléid PP.06.02 agus PP.08.03 a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a shloinnfear in aonaid le dhá dheachúil;

(b) sloinnfear na pointí sonraí leis an gcineál sonraí "céatadán" de réir aonaid le ceithre dheachúil;

(c) sloinnfear na pointí sonraí leis an gcineál sonraí "slánuimhir" in aonaid gan deachúlacha;

(d) sloinnfear pointí sonraí mar luachanna deimhneacha seachas sna cásanna a leanas:

(i) is de chineál freasúra ó mhéid nádúrtha na míre iad na pointí sonraí;

(ii) ceadaítear luachanna deimhneacha agus diúltacha a thuairisciú le cineál an phointe sonraí;

(iii) éilítear formáid tuairiscithe dhifriúil ó na treoracha faoi seach a leagtar amach in Iarscríbhinní V go XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

Airteagal 2

Airgeadra tuairiscithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, is é "an t-airgeadra tuairiscithe" an t-airgeadra a úsáidtear chun ráitis airgeadais an tsoláthraí PEPP a ullmhú, mura n-éilíonn an t-údarás inniúil a mhalairt.

2. Déanfar pointí agus figiúirí sonraí leis an gcineál "airgeadaíocht" a thuairisciú san airgeadra tuairiscithe, lena n-éilítear go ndéanfaí aon airgeadra eile a thiontú san airgeadra tuairiscithe, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

3. Le linn d'aon sócmhainn nó dliteanas atá ainmnithe in airgeadra seachas an t-airgeadra tuairiscithe a bheith á shloinneadh, déanfar an luach a thiontú san airgeadra tuairiscithe amhail is gur tharla an tiontú ag an ráta reatha ar an lá deiridh dá bhfuil an ráta iomchuí ar fáil sa tréimhse tuairiscithe lena mbaineann an tsócmhainn nó an dliteanas.

4. Le linn luach aon ioncaim nó costais a bheith á shloinneadh, déanfar an luach a thiontú san airgeadra tuairiscithe lena gcuirtear i bhfeidhm an bunús tiontúcháin a úsáidtear chun críocha cuntasaíochta.

5. Déanfar an tiontú san airgeadra tuairiscithe a ríomh ach an ráta malairte ón bhfoinse chéanna a úsáideadh le haghaidh ráitis airgeadais an tsoláthraí PEPP a chur i bhfeidhm, mura n-éilíonn an t-údarás inniúil a mhalairt.

Airteagal 3

Teimpléid maidir le tuairisciú cainníochtúil bliantúil

Gach bliain, tíolacfaidh soláthraithe PEPP an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/896 agus úsáid á baint as na teimpléid seo a leanas:

(a) teimpléad PP.01.01 d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear ábhar an tíolactha, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.01.01 d'Iarscríbhinn II;

(b) teimpléad PP.01.02. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir le PEPP agus maidir leis an tuairisciú, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.01.02 d'Iarscríbhinn II;

(c) teimpléad PP.52.01. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear PEPP agus faisnéis coigilteoirí PEPP, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.52.01 d'Iarscríbhinn II;

(d) teimpléad PP.06.02. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear liosta sócmhainní mír ar mhír ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.06.02 d'Iarscríbhinn II agus ag úsáid an chóid aitheantais chomhlántaigh (CIC) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV;

(e) teimpléad PP.06.03. d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na n-infheistíochtaí comhchoiteann uile atá i seilbh an tsoláthraithe PEPP ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.06.03 d'Iarscríbhinn II;

(f) teimpléad PP.08.03. d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear faisnéis chomhiomlán maidir le suíomhanna oscailte díorthach, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.08.03 d'Iarscríbhinn II agus ag úsáid CIC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 4

Oiriúnacht na faisnéise a thíolactar

Chun críocha Airteagal 40(6) de Rialachán (AE) 2019/1238, bainfidh soláthraithe PEPP leas as na teimpléid ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo d'fhonn oiriúnacht na faisnéise a chuirtear isteach a áirithiú ar bhonn leanúnach.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE COMHAR AGUS MALARTÚ FAISNÉISE

Airteagal 5

Prionsabail ghinearálta

Éascóidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) malartú faisnéise go tráthrialta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach agus, má tá an fhaisnéis ábhartha do dhualgais ÚEÁPC, coinneofar ar an eolas é maidir le haon mhalartú faisnéise a dhéanfar ar an dá thaobh.

Airteagal 6

Pointí teagmhála aonair

Soláthróidh na húdaráis inniúla mionsonraí na bpointí teagmhála aonair do ÚEÁPC agus cuirfidh siad ÚEÁPC ar an eolas maidir le haon athruithe ar na mionsonraí sin. Coimeádfaidh ÚEÁPC liosta cothrom le dáta de na pointí teagmhála aonair agus cuirfidh sé an liosta ar fáil do na húdaráis inniúla.

Airteagal 7

Na meáin mhalartaithe faisnéise

Tarchuirfidh na húdaráis inniúla agus ÚEÁPC faisnéis agus doiciméadacht a bhaineann leis an gcomhar agus leis an malartú faisnéise dá dtagraítear i gCaibidil I ar bhealach slán trí mheán leictreonach. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla deimhniú leictreonach i ndiaidh dóibh an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin a fháil.

Airteagal 8

Airgeadra

Sloinnfidh na húdaráis inniúla agus ÚEÁPC méideanna in euro i malartuithe faisnéise eatarthu. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis inniúla a aontú go n-úsáidfear airgeadra eile le haghaidh malairtí faisnéise déthaobhaí.

CAIBIDIL III

COMHAR AGUS MALARTÚ FAISNÉISE SA PHRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN AGUS DÍCHLÁRÚCHÁIN

Airteagal 9

PEPP a chlárú

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(a), (b), (d), (f) agus (g) de Rialachán (AE) 2019/1238 in iúl do ÚEÁPC trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla aon mhodhnuithe ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a sholáthraítear san iarratas in iúl do ÚEÁPC gan a thiomsú ach na codanna sin den teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V dá ndéanfaidh na modhnuithe difear.

3. Cuirfidh ÚEÁPC na húdaráis inniúla ar an eolas go pras má dhéanann na modhnuithe difear do ghníomhaíochtaí an tsoláthraithe PEPP sna Ballstáit faoi seach, trí bhíthin na dteimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VI nó in Iarscríbhinn VIII.

4. Tar éis an táirge a chlárú ar an gclár lárnach poiblí, tabharfaidh ÚEÁPC fógra do na húdaráis inniúla ábhartha maidir leis sin trí bhíthin na dteimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 10

Fochuntas nua a oscailt

1. Maidir le fochuntas nua a oscailt, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh agus do ÚEÁPC trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

2. Admhóidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh go bhfuarthas an fhaisnéis agus na doiciméid trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile aon mhodhnuithe ar an bhfochuntas in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh agus ÚEÁPC, gan a thiomsú ach na codanna sin den teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX dá ndéanann na modhnuithe difear.

Airteagal 11

Faisnéis maidir leis na forálacha náisiúnta

Trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo, soláthróidh na húdaráis inniúla nasc do ÚEÁPC chucu seo a leanas ar fad:

(a) téacs na ndlíthe náisiúnta, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin lena rialaítear na coinníollacha a bhaineann le céim an charntha dá dtagraítear in Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2019/1238;

(b) na coinníollacha a bhaineann le céim an dícharntha dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2019/1238;

(c) i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le nósanna imeachta breise chun iarratas a dhéanamh ar théarmaí fabhracha agus ar dhreasachtaí a leagtar síos ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 12

PEPP a dhíchlárú

1. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ÚEÁPC maidir lena chinneadh PEPP a dhíchlárú trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

2. Déanfaidh ÚEÁPC díchlárú ar PEPP óna chlár lárnach poiblí agus tabharfaidh sé fógra do na húdaráis inniúla ábhartha dá réir sin trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

CAIBIDIL IV

COMHAR LEANÚNACH AGUS MALARTÚ FAISNÉISE GO TRÁTHRIALTA

Airteagal 13

Comhar idir na húdaráis inniúla agus le ÚEÁPC

1. Cumhdófar na réimse seo a leanas ar a laghad sa chomhar idir na húdaráis inniúla agus le ÚEÁPC:

(a) maoirseacht;

(b) iniúchtaí agus imscrúduithe;

(c) sáruithe ar Rialachán (AE) 2019/1238 a shainaithint agus a leigheas;

(d) faisnéis maidir le gearáin;

(e) gníomhaíochtaí maoirseachta beartaithe in aghaidh an tsoláthraí nó an dáileora PEPP i gcás inarb ábhartha le haghaidh an táirge PEPP;

(f) gníomhaíochtaí maoirseachta beartaithe chun díobháil na gcoigilteoirí PEPP a mhaolú lena n-áirítear feidhmiú beartaithe cumhachtaí idirghabhála táirgí dá dtagraítear in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2019/1238.

2. Soláthróidh ÚEÁPC d'údarás inniúil lena mbaineann an Bhallstáit óstaigh an fhaisnéis mhaoirseachta a bhaineann le PEPP a sholáthraítear sa Bhallstát comhfhreagrach, mar a fhoráiltear in Airteagal 14, agus déanfar é sin ar bhonn bliantúil.

3. Ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 16, malartóidh na húdaráis inniúla agus ÚEÁPC, a mhéid is a bheidh ar fáil dóibh, aon fhaisnéis a bhaineann le PEPP, atá ábhartha chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus nach bhforáiltear dóibh in Airteagal 15.

4. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ar an eolas go pras faoi aon torthaí óna phróisis athbhreithniúcháin maoirseachta, a bhaineann le rioscaí a thagann chun cinn ó dhíolacháin trasteorann nó fochuntais PEPP nó a dhéanann difear dóibh sin. Soláthróidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an fhaisnéis sin i gcásanna inar ardaigh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ábhar imní cheana féin.

5. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an eolas go pras má tá cúiseanna aige a cheapadh go bhféadfadh gníomhaíochtaí soláthraí PEPP difear a dhéanamh d'fhóntacht airgeadais an tsoláthraí PEPP sin nó do chosaint tomhaltóirí i mBallstáit eile.

6. Comhoibreoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile le húdarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chun a mheas cibé an bhfuil tuiscint shoiléir ag an soláthraí PEPP ar an spriocmhargadh agus na rioscaí atá os comhair na dtáirgí nó a d'fhéadfadh a bheith os a gcomhair sa Bhallstát óstach, agus dá bhfuil uirlisí sonracha bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm, ag féachaint do phrionsabal na comhréireachta agus don chur chuige riosca-bhunaithe.

7. Díreoidh an comhar go háirithe ar na réimsí riosca seo a leanas:

(a) próifíl na gcoigilteoirí PEPP;

(b) comhpháirtíochtaí áitiúla PEPP agus comhpháirtithe dáileacháin;

(c) láimhseáil gearán;

(d) comhlíontacht;

(e) cosaint tomhaltóirí agus aon ghnéithe eile a bhaineann le hiompar an tsoláthraí PEPP agus an dáileora PEPP, lena n-áirítear ceanglais maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí.

Airteagal 14

Faisnéis a mhalartú go tráthrialta

1. Bainfidh agus gheobhaidh ÚEÁPC an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach PEPP a sholáthraítear i mBallstát óstach:

(a) an líon coigilteoirí PEPP sa Bhallstát lena mbaineann;

(b) Ballstáit dá dtairgeann an soláthraí PEPP fochuntais;

(c) an líon iarrataí ar mhalartú agus malartuithe iarbhír mura dtairgtear fochuntas sonrach sa Bhallstát lena mbaineann;

(d) faisnéis maidir le gach PEPP a sholáthraítear sa Bhallstát lena mbaineann, faoi réir fáil a bheith uirthi, mar a thuairiscítear iontu seo a leanas:

(i) teimpléad PP.01.02. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear faisnéis bhunúsach maidir le PEPP agus maidir leis an tuairisciú, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.01.02 d'Iarscríbhinn II;

(ii) teimpléad PP.52.01. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear PEPP agus faisnéis coigilteoirí PEPP, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.52.01 d'Iarscríbhinn II;

(iii) teimpléad PP.06.02. d'Iarscríbhinn I, ina sonraítear liosta sócmhainní mír ar mhír ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.06.02 d'Iarscríbhinn II agus ag úsáid CIC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV;

(iv) teimpléad PP.06.03. d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear faisnéis maidir le trédhearcacht na n-infheistíochtaí comhchoiteann uile atá i seilbh soláthraithe PEPP ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.06.03 d'Iarscríbhinn II;

(v) teimpléad PP.08.03. d'Iarscríbhinn I, ina soláthraítear faisnéis chomhiomlán maidir le suíomhanna oscailte díorthach, ag leanúint na dtreoracha a leagtar amach i roinn PP.08.03 d'Iarscríbhinn II agus ag úsáid CIC mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV.

Cuirfidh ÚEÁPC an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil maidir le gach PEPP do gach údarás inniúil óstach lena mbaineann agus déanfaidh sé é sin ar bhonn bliantúil.

2. Ní chuirfidh mír 1 cosc ar údaráis inniúla sonraí níos mionsonraithe a mhalartú ar bhonn níos tráthrialta nó nuair a iarrtar sin.

CAIBIDIL V

COMHAR AD-HOC AGUS MALARTÚ FAISNÉISE

Airteagal 15

Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a thíolacadh

1. Cuirfidh údarás inniúil an iarraidh faoi bhráid an údaráis inniúil iarrtha trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XI. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarrthach aon ábhar tacaíochta a mheasann sé a bheith ábhartha a chur i gceangal leis an iarraidh. Má tá an iarraidh ar fhaisnéis ábhartha do dhualgais ÚEÁPC, cuirfidh an t-údarás inniúil iarrthach an iarraidh ar aghaidh freisin chuig ÚEÁPC.

2. Sonróidh an t-údarás inniúil iarrthach práinn na hiarrata. I gcás ina bhfuil iarraidh ar fhaisnéis i gceist leis an iarraidh ar chomhar, déanfaidh an t-údarás inniúil iarrthach na nithe seo a leanas:

(a) sonróidh sé, a mhéid is féidir, sonraí na faisnéise atá á lorg, lena n-áirítear na cúiseanna go meastar go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha chun a chuid dualgas a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2019/1238;

(b) sainaithneoidh sé, i gcás inarb iomchuí, aon saincheist a bhaineann le rúndacht na faisnéise atá á lorg, lena n-áirítear aon réamhchúram speisialta chun an fhaisnéis sin a bhailiú.

3. I gcás ina bhfuil cúiseanna a bhfuil bonn cirt leo ag an údarás inniúil iarrthach chun a iarraidh a chatagóiriú mar cheann atá práinneach, féadfaidh sé an iarraidh a dhéanamh trí mheáin seachas iad sin dá bhforáiltear i mír 1, má tharchuirtear an iarraidh ina dhiaidh sin trí mheán leictreonach i gcomhréir leis an mír sin, mura gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann a mhalairt.

Airteagal 16

Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

1. Soláthróidh an t-údarás inniúil iarrtha a fhreagra don údarás inniúil iarrthach trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XII. Má tá an freagra ábhartha do dhualgais ÚEÁPC, cuirfidh an t-údarás inniúil iarrthach an fhreagairt ar aghaidh freisin chuig ÚEÁPC. Ina fhreagra, déanfaidh an t-údarás inniúil iarrtha an méid seo a leanas:

(a) iarrfaidh sé soiléire in aon fhoirm a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil amhras air maidir leis an iarraidh;

(b) glacfaidh sé céimeanna réasúnta laistigh de raon feidhme a chumhachtaí chun comhar a dhéanamh nó an fhaisnéis iarrtha a sholáthar;

(c) forghníomhóidh sé an iarraidh ar bhealach a éascaíonn aon ghníomh rialála is gá a ghlacadh ar bhonn caoithiúil, ag cur castacht na hiarrata san áireamh agus an gá atá ann go mbeadh údarás inniúil eile rannpháirteach;

(d) soláthróidh sé aon fhaisnéis riachtanach bhreise ar a thionscnamh féin.

2. I gcás ina dtarlaíonn sé i ngeall ar chastacht na hiarrata nó an méid faisnéise a iarradh nach bhfuil an t-údarás inniúil in ann an teorainn ama a leagadh síos san iarraidh sin a chomhlíonadh, déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

(a) cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrthach ar an eolas go pras maidir leis na cúiseanna a thugann údar do mhoill den sórt sin agus soláthróidh sé dáta freagartha measta;

(b) soláthróidh sé faisnéis atá ar fáil cheana féin trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XII;

(c) soláthróidh sé aon fhaisnéis atá ar iarraidh a luaithe a chuirtear ar fáil é ar bhealach a áirithíonn gur féidir aon ghníomhaíocht riachtanach a ghlacadh go caoithiúil.

Airteagal 17

Comhar agus malartú faisnéise i gcás sáruithe

1. Ar theacht ar an eolas dóibh maidir le haon sárú nó sárú amhrasta ag soláthraí PEPP nó ag dáileoir PEPP nó sárú den sórt sin a tharlaíonn i bhfeidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar nó saoirse bhunaíochta, tabharfaidh an t-údarás inniúil nó ÚEÁPC, de réir mar is infheidhme, fógra don údarás inniúil lena mbaineann trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII. Féadfaidh an t-údarás inniúil a thugann fógra aon ábhar tacaíochta a mheasann sé is gá a chur i gceangal leis an bhfógra. Má tá an sárú ábhartha do dhualgais ÚEÁPC, cuirfidh an t-údarás inniúil a thugann fógra ÚEÁPC ar an eolas go pras trí bhíthin an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.

2. Soláthróidh an t-údarás inniúil a thabharfaidh fógra nó ÚEÁPC, de réir mar is infheidhme, an fhaisnéis ar fad is gá don údarás inniúil dá dtugtar fógra chun measúnú a dhéanamh ar an gcás, go háirithe, an fhaisnéis seo a leanas:

(a) cineál, nádúr, ábharthacht agus fad an tsáraithe nó an tsáraithe amhrasta;

(b) gníomhaíochtaí a mholtar agus foilsiú ionchasach, más ann dó, atá beartaithe ag an údarás inniúil a thugann fógra, a ghlacadh;

(c) an fhianaise ar ar bhunaigh siad a gcinneadh.

Féadfaidh an t-údarás inniúil dá dtugtar fógra agus ÚEÁPC, de réir mar is infheidhme, aon fhaisnéis eile a mheasann siad is gá dá measúnú agus dá ngníomh a iarraidh ón údarás inniúil a thugann fógra.

3. I gcás ina measann an t-údarás inniúil a thugann fógra gur cheart an fhaisnéis a sheoladh ar bhonn práinne, féadfaidh sé fógra a thabhairt ar dtús báire don údarás inniúil dá dtugtar fógra agus do ÚEÁPC, de réir mar is infheidhme, ó bhéal, ar choinníoll go dtarchuirtear an fhaisnéis ina dhiaidh sin trí mheán leictreonach i gcomhréir le mír 1, mura gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla lena mbaineann a mhalairt.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Teimpléid Tuairiscithe

PP.01.01.33

Ábhar an tíolactha

		C0010
Cód an Teimpléid - Ainm an Teimpléid		
PP.01.02.33 - Faisnéis Bhunúsach - Ginearálta	R0010	
PP.52.01.33 – Faisnéis maidir le PEPP agus coigilteoirí	R0020	
PP.06.02.33 - Liosta de na sócmhainní	R0030	
PP.06.03.33 – Gnóthais chomhinfheistíoc cur na trédhearcachta	R0040	
PP.08.03.33 – Faisnéis chomhiomlán maidir le díorthaigh oscailte	R0050	

PP.01.02.33

Faisnéis Bhunúsach – Ginearálta

		C0010
Ainm PEPP	R0010	
Uimhir chlárúcháin PEPP	R0020	
Teanga an tuairiscithe	R0030	
An dáta tíolactha maidir le tuairisciú	R0040	
Deireadh na bliana airgeadais	R0050	
An dáta tagartha maidir le tuairisciú	R0060	
Tíolacadh tráthrialta/*ad-hoc*	R0070	
An t-airgeadra a úsáidtear i gcomhair tuairisciú	R0090	
Tráchtálú á dhéanamh fós ar an táirge?	R0260	
Cineál eintitis	R0270	
Úsáid as linn choiteann sócmhainní le haghaidh gach rogha infheistíochta	R0280	

PP.52.01.33

FAISNÉIS MAIDIR LE PEPP AGUS COIGILTEOIRÍ PEPP (1)

		COSTAIS				
		COSTAIS RIARACHÁIN	COSTAIS DÁILEACHÁIN		COSTAIS INFHEIS-TÍOCHTA	COSTAIS NA RÁTHAÍOCHTAÍ CAIPITIL, MÁS ANN DÓIBH
				COSTAIS A BHAINEANN LE COMHAIRLE		
		C0020	C0040	C0050	C0060	C0100
PEPP BUNÚSACH	R0010					
ROGHANNA INFHEIS-TÍOCHTA MALARTACHA	R0040					

FAISNÉIS MAIDIR LE PEPP AGUS COIGILTEOIRÍ PEPP (2)

TÍR	

		AN LÍON COIGILTEOIRÍ PEPP	SREAFAÍ AIRGEADAIS AGUS COIGILTEORA		…
			IOMLÁN OLL-RANNÍOCAÍOCH-TAÍ A FUARTHAS	IOMLÁN NA BHFÁLTAS Ó OLL-INFHEISTÍOCHTAÍ	
		C0150	C0160	C0170	
PEPP BUNÚSACH	R0010				
TRÁCHTÁLÚ DÉANTA SA TÍR	R0020				
FAOI LEACHTÚ NÁDÚRTHA	R0030				
ROGHANNA INFHEISTÍOCHTA MALARTACHA	R0040				
TRÁCHTÁLÚ DÉANTA SA TÍR	R0050				
FAOI LEACHTÚ NÁDÚRTHA	R0060				

SREAFAÍ AIRGEADAIS AGUS COIGILTEORA							…
IOMLÁN NA SOCHAR SLÁNDÁLA SÓISIALTA	SOCHAIR SLÁNDÁLA SÓISIALTA A BHAINEANN LE DUL AR SCOR	SOCHAIR SLÁNDÁLA SÓISIALTA A BHAINEANN LE DUL AR SCOR A ÍOCTAR TRÍ BHLIANACH-TAÍ	SOCHAIR SLÁNDÁLA SÓISIALTA A BHAINEANN LE DUL AR SCOR A ÍOCTAR TRÍ CHNAP-SHUIM	SOCHAIR SLÁNDÁLA SÓISIALTA A BHAINEANN LE DUL AR SCOR A ÍOCTAR TRÍ ÍOCAÍOCH-TAÍ ÍOSTAR-RAINGTHE	SOCHAIR SLÁNDÁLA SÓISIALTA NACH MBAINEANN LE DUL AR SCOR	AN LÍON FÓGRAÍ I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20(1) A FUARTHAS Ó CHOIGIL-TEOIRÍ PEPP A D'ATHRAIGH A N-ÁIT CHÓNAITHE CHUIG BALLSTÁT EILE	
C0190	C0200	C0210	C0220	C0230	C0240	C0250	

SREAFAÍ AIRGEADAIS AGUS COIGILTEORA						SÓCMHAINNÍ	OIBLEAGÁIDÍ
AN LÍON IARRATAÍ AR FHOCHUNTAS A OSCAILT I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20(2) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238	AN LÍON FOCHUNTAS A OSCLAÍODH I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20(2) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238	AN LÍON IARRATAÍ Ó CHOIGILTEOIRÍ PEPP AR MHALARTÚ I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20(5)(A) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238	MALARTUITHE IARBHÍR A RINNEADH I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 20(5)(A) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238	AN LÍON IARRATAÍ Ó CHOIGILTEOIRÍ PEPP AR MHALARTÚ A RINNEADH I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 52(3) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238	MALARTUITHE IARBHÍR A RINNEADH I gCOMHRÉIR LE HAIRTEAGAL 52(3) DE RIALACHÁN (AE) 2019/1238		
C0260	C0270	C0280	C0290	C0300	C0310	C0320	C0330

AN LÍON GEARÁN
C0340

PP.06.02.33

LIOSTA DE NA SÓCMHAINNÍ

FAISNÉIS MAIDIR LE SUÍOMHANNA A SHEALBHAÍTEAR

CÓD AITHEANTAIS SÓCMHAINNE AGUS AN CINEÁL CÓID	PEPP BUNÚSACH/ ROGHANNA INFHEISTÍOCHTA MALARTACHA	TÍR CHUMHDAIGH	INSTITIÚID TAISCLAINNE	CAINNÍOCHT	…
C0011	C0010	C0040	C0050	C0060	

MÉID AR PAR	MODH LUACHÁLA	LUACH ÉADÁLA	ÚS FABHRAITHE	MARGADHLUACH NA SÓCMHAINNE
C0070	C0075	C0080	C0090	C0100

FAISNÉIS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ

CÓD AITHEANTAIS SÓCMHAINNE AGUS AN CINEÁL CÓID	TEIDEAL NA MÍRE	AINM AN EISITHEORA	CÓD AN EISITHEORA AGUS AN CINEÁL CÓID EISITHEORA	EARNÁIL AN EISITHEORA	…
C0011	C0130	C0140	C0150	C0170	

GRÚPA EISITHEOIRÍ	CÓD AN GHRÚPA EISITHEOIRÍ AGUS CINEÁL CHÓD AN GHRÚPA EISITHEOIRÍ	TÍR IS EISITHEOIR	AIRGEADRA	CIC	…
C0180	C0190	C0210	C0220	C0230	

INFHEISTÍOCHT MHALARTACH	MEASÚNÚ CREIDMHEASA SEACHTRACH	INSTITIÚID AINMNITHE UM MEASÚNÚ CREIDMHEASA SEACHTRACH	PRAGHAS AONAID	CÉATADÁN AONAID DE PHRAGHAS MÉID PAR	MARTHA-NACHT	DÁTA AIBÍOCHTA
C0240	C0250	C0260	C0370	C0380	C0270	C0280

PP.06.03.33

GNÓTHAIS CHOMHINFHEISTÍOCHTA - CUR CHUIGE NA TRÉDHEARCACHTA

COMHINFHEISTÍOCH-TAÍ CÓD AITHEANTAIS GNÓTHAIS AGUS AN CINEÁL CÓID	AN CHATAGÓIR BUNSÓCMHAINNE	AN TÍR EISIÚNA	AIRGEADRA	MÉID IOMLÁN
C0010	C0030	C0040	C0050	C0060

PP.08.03.33

FAISNÉIS MAIDIR LE SUÍOMHANNA A SHEALBHAÍTEAR - MÉID BARÚLACH

		MÉID BARÚLACH		
		PEPP BUNÚSACH	INFHEISTÍOCHT MHALARTACH	SÓCMHAINNÍ PEPP
		C0010	C0030	C0050
BABHTÁLACHA RÁTA ÚIS (D1)	R0010			
RÉAMHCHONRADH MALAIRTE EACHTRAÍ (F2)	R0020			
DÍORTHAIGH EILE	R0030			

FAISNÉIS MAIDIR LE SUÍOMHANNA A SHEALBHAÍTEAR - LUACH

		LUACH		
		PEPP BUNÚSACH	ROGHANNA INFHEISTÍOCHTA MALARTACHA	SÓCMHAINNÍ PEPP
		C0020	C0040	C0060
BABHTÁLACHA RÁTA ÚIS (D1)	R0010			
RÉAMHCHONRADH MALAIRTE EACHTRAÍ (F2)	R0020			
DÍORTHAIGH EILE	R0030			

IARSCRÍBHINN II

TREORACHA MAIDIR LE TEIMPLÉID TUAIRISCITHE

TÁ TREORACHA BREISE SAN IARSCRÍBHINN SEO MAIDIR LEIS NA TEIMPLÉID A LEAGTAR AMACH IN IARSCRÍBHINN I.

DÉANTAR TAGAIRT DO THEIMPLÉID A LÍONFAR ISTEACH I GCOMHRÉIR LEIS NA TREORACHA SNA RANNA DIFRIÚLA DEN IARSCRÍBHINN SEO MAR "AN TEIMPLÉAD SEO" AR FUD THÉACS NA hIARSCRÍBHINNE SEO.

PP.01.01.33- ÁBHAR AN TÍOLACTHA

BARÚLACHA GINEARÁLTA:

BAINEANN AN ROINN SEO LE FAISNÉIS A CHUIRTEAR ISTEACH GACH BLIAIN LE HAGHAIDH NA DTÁIRGÍ PINSIN PHEARSANTA UILE-EORPACHA (PEPP).

NUAIR A BHÍONN RÉASÚNÚ SPEISIALTA AG TEASTÁIL, NÍ DHÉANFAR AN MÍNIÚ A THÍOLACADH LAISTIGH DEN TEIMPLÉAD TUAIRISCITHE ACH BEIDH SÉ MAR CHUID DEN IDIRPHLÉ IDIR AN GNÓTHAS A SHOLÁTHRÓIDH PEPP AGUS NA HÚDARÁIS INNIÚLA.

ORDANÁID TÁBLA	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	PP.01.02.33 - FAISNÉIS BHUNÚSACH - GINEARÁLTA	DÉANFAR TUAIRISCIÚ AR AN TEIMPLÉAD SEO I GCÓNAÍ. SEO Í AN T-AON ROGHA FHÉIDEARTHA: 1 - TUAIRISC TUGTHA
C0010/R0020	PP.52.01.33 - FAISNÉIS MAIDIR LE PEPP AGUS COIGILTEOIRÍ PEPP	ÚSÁIDFEAR CEANN DE NA ROGHANNA SA LIOSTA IATA SEO A LEANAS: 1 - TUAIRISC TUGTHA 0 - GAN TUAIRISC TUGTHA CÚIS EILE (BEIDH RÉASÚNÚ SPEISIALTA DE DHÍTH SA CHÁS SEO)
C0010/R0030	PP.06.02.33 - LIOSTA DE NA SÓCMHAINNÍ	ÚSÁIDFEAR CEANN DE NA ROGHANNA SA LIOSTA IATA SEO A LEANAS: 1 - TUAIRISC TUGTHA 0 - GAN TUAIRISC TUGTHA CÚIS EILE (BEIDH RÉASÚNÚ SPEISIALTA DE DHÍTH SA CHÁS SEO)
C0010/R0040	PP.06.03.33 - GNÓTHAIS CHOMHINFHEISTÍOCHTA - CUR CHUIGE NA TRÉDHEARCACHTA	ÚSÁIDFEAR CEANN DE NA ROGHANNA SA LIOSTA IATA SEO A LEANAS: 1 - TUAIRISC TUGTHA 2 - GAN TUAIRISC TUGTHA TOISC GAN AON GHNÓTHAIS CHOMHINFHEISTÍOCHTA A BHEITH ANN 0 - GAN TUAIRISC TUGTHA (BEIDH RÉASÚNÚ SPEISIALTA DE DHÍTH SA CHÁS SEO)
C0010/R0050	PP.08.03.33 - FAISNÉIS CHOMHIOMLÁN MAIDIR LE DÍORTHAIGH OSCAILTE	ÚSÁIDFEAR CEANN DE NA ROGHANNA SA LIOSTA IATA SEO A LEANAS: 1 - TUAIRISC TUGTHA 2 - GAN TUAIRISC TUGTHA TOISC GAN AON IDIR-BHEARTA DÍORTHACHA A BHEITH ANN 0 - GAN TUAIRISC TUGTHA CÚIS EILE (BEIDH RÉASÚNÚ SPEISIALTA DE DHÍTH SA CHÁS SEO)

PP.01.02 - FAISNÉIS BHUNÚSACH – Ginearálta

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo le faisnéis bhunúsach a chuirtear isteach gach bliain maidir le PEPP.

ORDANÁID TÁBLA	MÍR	TREORACHA
C0010/R0010	Ainm PEPP	Ainmníocht tráchtála PEPP (go sonrach maidir le gnóthas).
C0010/R0020	Uimhir chlárúcháin PEPP	Uimhir chlárúcháin do PEPP, atá luaite ag ÚEAPC.
C0010/R0030	Teanga an tuairiscithe	Cód 2 litir an chóid ISO 639-1 den teanga a úsáidtear chun an fhaisnéis a chur isteach a shainaithint.
C0010/R0040	An dáta tíolactha maidir le tuairisciú	Cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta ar a ndéantar an tuairisciú leis an údarás maoirseachta a shainaithint.
C0010/R0050	Deireadh na bliana airgeadais	Cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) dheireadh bhliain airgeadais an ghnóthais, e.g. 2017-12-31, a shainaithint.
C0010/R0060	An dáta tagartha maidir le tuairisciú	Cód ISO 8601 (bbbb-mm-ll) an dáta lena sainaithnítear an lá deiridh den tréimhse tuairiscithe a shainaithint.
C0010/R0070	Tíolacadh tráthrialta/*ad-hoc*	A shainaithint cibé an mbaineann an fhaisnéis a thíolactar le tíolacadh tráthrialta faisnéise nó ad-hoc. Úsáidfear an liosta iata roghanna seo a leanas: 1 - Tuairisciú tráthrialta 2 - Tuairisciú *ad-hoc*
C0010/R0090	An t-airgeadra a úsáidtear i gcomhair tuairisciú	Cód aibítre ISO 4217 airgeadra na méideanna airgeadaíochta a úsáidtear i ngach tuairisc a shainaithint.
C0010/R0260	Tráchtálú fós á dhéanamh ar an PEPP?	Sonraigh má tá an táirge fós ar díol nó má tá sé díreach faoi leachtú nádúrtha. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Á thráchtálú fós — Faoi leachtú nádúrtha
C0010/R0270	Cineál eintitis	Sonraigh an cineál eintitis ina dtiteann an soláthraí PEPP atá ag tíolacadh na sonraí dá PEPP. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: — Institiúid creidmheasa (de bhun Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])) — Gnóthas árachais (de bhun Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])) — Institiúid um chóir ar scor ceirde (de bhun Threoir 2016/2341/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]))

		— Gnólacht infheistíochta (de bhun Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])) — Cuideachta infheistíochta nó cuideachta bhainistíochta (de bhun Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])) — AIFM AE (de bhun Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]))
C0010/R0280	Úsáid as linn choiteann sócmhainní le haghaidh gach rogha infheistíochta	Sonraigh cibé an úsáidtear an linn sócmhainní choiteann le haghaidh gach rogha infheistíochta. Úsáidfear an liosta iata seo a leanas: 1 - Úsáidtear 2 - Ní úsáidtear

([1]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).
([2]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).
([3]) Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht ar institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).
([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).
([5]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).
([6]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

PP.52.01 – Faisnéis maidir le PEPP agus coigilteoirí PEPP

Barúlacha ginearálta:

Baineann an roinn seo leis an bhfaisnéis mhionsonraithe a thíolactar gach bliain maidir le PEPP ar leith. Ina theannta sin, tabharfar tuairisc bhreise ar roinnt faisnéise le haghaidh rogha infheistíochta PEPP áirithe, i.e. PEPP Bunúsach nó roghanna infheistíochta malartacha, de réir na tíre ina ndéantar tráchtálú ar an táirge sin agus de réir na bhfochuntas a osclaíodh. I gcás go n-éiríonn na roghanna infheistíochta malartacha, go haonair nó ar bhonn comhiomlán, suntasach i ndáil leis na coigiltis sa PEPP Bunúsach, tuairisceofar an fhaisnéis ar leibhéal níos mionsonraithe nó ar leibhéal gach rogha infheistíochta.

Soláthrófar na luachanna uile amhail is dá dtuairisceofaí iad i gcomhréir leis an gcreat stuamachta faoin sainchúram ina dtagann an t-eintiteas.

Déanfar comhiomlánú ar an bhfaisnéis a bhaineann le gach rogha infheistíochta mhalartach.

Faisnéis maidir le PEPP agus coigilteoirí PEPP (1)

ORDANÁID TÁBLA	MÍR	TREORACHA
C0020/R0010	Costais riaracháin PEPP Bhunúsaigh	Méid iomlán na gcostas riaracháin a bhaineann le PEPP a riar, a mhuirearaítear chuig an gcoigilteoir PEPP le linn na tréimhse tuairiscithe.

		Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha PEPP Bhunúsaigh.
C0040/R0010	Costais dáileacháin PEPP Bhunúsaigh	Méid iomlán na gcostas a bhaineann le dáileadh PEPP. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha PEPP Bhunúsaigh.
C0050/R0010	Costais a bhaineann le comhairle maidir le PEPP Bunúsach	Méid iomlán na gcostas a bhaineann le costais chomhairle PEPP, a mhuirearaítear i rith na tréimhse tuairiscithe. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha PEPP Bhunúsaigh.
C0060/R0010	Costais infheistíochta PEPP Bhunúsaigh	Méid iomlán na gcostas infheistíochta a bhaineann le PEPP, a mhuirearaítear i rith na tréimhse tuairiscithe. Cumhdaíonn na costais sin na muirir a bhaineann le cumhdach sócmhainní, gníomhaíochtaí a éiríonn as oibríochtaí idirbheartaíochta a dhéanamh agus costais eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí infheistíochta nach bhfuil inchurtha maidir leis an dá chatagóir thuasluaite. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha PEPP Bhunúsaigh.
C0100/R0010	Costais ráthaíochtaí caipitil, más ann dóibh, de PEPP Bunúsach	Méid iomlán chostais ráthaíochtaí airgeadais an PEPP, a mhuirearaítear i rith na tréimhse tuairiscithe. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha PEPP Bhunúsaigh.
C0020/R0040	Costais riaracháin na roghanna infheistíochta malartacha	Méid iomlán na gcostas riaracháin a bhaineann le PEPP a riar, a mhuirearaítear chuig an gcoigilteoir PEPP le linn na tréimhse tuairiscithe. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha na roghanna infheistíochta malartacha.
C0040/R0040	Costas dáileacháin na roghanna infheistíochta malartacha	Méid iomlán na gcostas a bhaineann le dáileadh PEPP. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha na roghanna infheistíochta malartacha.
C0050/R0040	Costais a bhaineann le comhairle i dtaca le roghanna infheistíochta malartacha	Méid iomlán na gcostas a bhaineann le costais chomhairle PEPP, a mhuirearaítear i rith na tréimhse tuairiscithe. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha na roghanna infheistíochta malartacha.
C0060/R0040	Costais infheistíochta na roghanna infheistíochta malartacha	Méid iomlán na gcostas infheistíochta a bhaineann le PEPP, a mhuirearaítear i rith na tréimhse tuairiscithe. Cumhdaíonn na costais sin na muirir a bhaineann le cumhdach sócmhainní, gníomhaíochtaí a éiríonn as oibríochtaí idirbheartaíochta a dhéanamh agus costais eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí infheistíochta nach bhfuil inchurtha maidir leis an dá chatagóir thuasluaite. Baineann an méid le costais aonuaire agus athfhillteacha na roghanna infheistíochta malartacha.

Faisnéis maidir le PEPP agus coigilteoirí PEPP (2)

ORDANÁID TÁBLA	MÍR	TREORACHA
Z0010	Tír	Cód alfa 2 ISO 3166 1 de Bhallstáit bhaile nó óstacha an PEPP. Líonfar isteach an mhír seo maidir le gach tír ina bhfuil fochuntas ar fáil nó ina soláthraítear PEPP.
C0150/R0020	An líon coigilteoirí PEPP in PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon coigilteoirí PEPP in PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír
C0160/R0020	Iomlán oll-ranníocaíochtaí a fuarthas le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid iomlán na ranníocaíochtaí thar an tréimhse tuairiscithe a d'íoc coigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír.
C0170/R0020	Iomlán na bhfáltas ó oll-infheistíochtaí le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid iomlán na bhfáltas ó oll-infheistíochtaí a leithdháiltear do choigilteoirí PEPP. Níl costais infheistíochta PEPP Bhunúsaigh a dhéantar a thráchtálú sa tír san áireamh sa luach.
C0190/R0020	Iomlán na sochar slándála sóisialta do PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid iomlán na sochar slándála sóisialta thar an tréimhse tuairiscithe do choigilteoirí PEPP do PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír. Áirítear leis an méid sin na sochair go léir a íocadh amach, i.e. lena n-áirítear rioscaí bithmhéadracha agus roghanna féideartha eile a áirítear i dtáirge ar leith.
C0200/R0020	Sochair slándála sóisialta a bhaineann le dul ar scor le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid na sochar slándála sóisialta a íoctar le coigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, thar an tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis an méid sin ach na sochair a bhaineann le dul ar scor.
C0210/R0020	Na sochair slándála sóisialta a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí bhlianachtaí le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid na sochar slándála sóisialta a tugadh do choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, thar an tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis an méid sin ach na sochair a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí bhlianachtaí.
C0220/R0020	Sochair slándála sóisialta a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí chnapshuim le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid na sochar slándála sóisialta a tugadh do choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, thar an tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis an méid sin ach na sochair a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí chnapshuim.
C0230/R0020	Sochair slándála sóisialta a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí íocaíochtaí aistarraingthe le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid na sochar slándála sóisialta a tugadh do choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, thar an tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis an méid sin ach na sochair a bhaineann le dul ar scor a íoctar trí íocaíochtaí aistarraingthe.
C0240/R0020	Sochair slándála sóisialta nach mbaineann le dul ar scor le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	Méid na sochar slándála sóisialta a tugadh do choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, thar an tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis an méid sin ach na sochair a bhaineann le cumhdaigh neamhscoir, i.e. rioscaí bithmhéadracha agus roghanna féideartha eile.

C0250/R0020	An líon fógraí i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/1238 a fuarthas ó choigilteoirí PEPP a d'athraigh a n-áit chónaithe chuig Ballstát eile le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon fógraí a fuarthas ó choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír a bhaineann le hathrú ar áit chónaithe an choigilteora PEPP chuig Ballstát eile.
C0260/R0020	An líon iarrataí ar fhochuntas a oscailt i gcomhréir le hAirteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon iarrataí ar fhochuntas nua de chuid PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír, a oscailt, a fuarthas ó choigilteoirí PEPP a bhí mar bhonn eolais ag an soláthraí PEPP maidir lena rún an áit chónaithe a athrú chuig Ballstát eile.
C0270/R0020	An líon fochuntas a osclaíodh i gcomhréir le hAirteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon fochuntas iarbhír a osclaíodh de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír a bhaineann le hiarrataí a fuarthas ó choigilteoirí PEPP a bhí mar bhonn eolais ag an soláthraí PEPP maidir lena rún an áit chónaithe a athrú chuig Ballstát eile.
C0280/R0020	An líon iarrataí ar mhalartú ó choigilteoirí PEPP i gcomhréir le hAirteagal 20(5)(a) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon iarrataí ar mhalartú chuig soláthraí PEPP eile, i ngeall nach bhfuil an soláthraí PEPP reatha in ann fochuntas a chruthú a bhaineann le coigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír trína n-athraítear an áit chónaithe chuig Ballstát eile.
C0290/R0020	Malartuithe iarbhír a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(5)(a) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon malartuithe iarbhír chuig soláthraí PEPP eile, i ngeall nach bhfuil an soláthraí PEPP reatha in ann fochuntas a chruthú a bhaineann le coigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír trína n-athraítear an áit chónaithe chuig Ballstát eile.
C0300/R0020	An líon iarrataí ar mhalartú ó choigilteoirí PEPP i gcomhréir le hAirteagal 52(3) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon iarrataí ar mhalartú chuig soláthraí PEPP eile ar iarraidh a fháil ó choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír inar soláthraíodh é i gcomhréir le hAirteagal 52(3) de Rialachán (AE) 2019/1238
C0310/R0020	Malartuithe iarbhír a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 52(3) de Rialachán (AE) 2019/1238 le haghaidh PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon malartuithe iarbhír chuig soláthraí PEPP eile ar iarraidh a fháil ó choigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír inar soláthraíodh é i gcomhréir le hAirteagal 52(3) de Rialachán (AE) 2019/1238

C0320/R0020	Sócmhainní PEPP Bhunúsaigh a dhéantar a thráchtálú sa tír	An méid iomlán sócmhainní a bhaineann le PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír.
C0330/R0020	Oibleagáidí PEPP Bhunúsaigh a dhéantar a thráchtálú sa tír	An méid iomlán forálacha teicniúla agus dliteanais eile, i gcás inarb ábhartha, a bhaineann le PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír.
C0340/R0020	An líon gearán maidir le PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír	An líon iomlán gearán a fuarthas maidir le PEPP Bunúsach a dhéantar a thráchtálú sa tír thar an tréimhse tuairiscithe.
C0150/R0030	An líon coigilteoirí PEPP in PEPP Bunúsach atá ag gabháil faoi leachtú nádúrtha	An líon coigilteoirí PEPP in PEPP Bunúsach atá ag gabháil faoi leachtú nádúrtha
C0160/R0030	Iomlán oll-ranníocaíochtaí a fuarthas le haghaidh PEPP Bunúsach atá faoi leachtú nádúrtha	Méid iomlán na ranníocaíochtaí thar an tréimhse tuairiscithe a d'íoc coigilteoirí PEPP de PEPP Bunúsach atá faoi leachtú nádúrtha.
C0170/R0030	Iomlán na bhfáltas ó oll-infheistíochtaí le haghaidh PEPP Bunúsach atá faoi leachtú nádúrtha	Méid iomlán na bhfáltas ó oll-infheistíochtaí a leithdháiltear do choigilteoirí PEPP. Níl costais infheistíochta PEPP Bunúsach faoi leachtú nádúrtha san áireamh sa luach.
C0050/R0010	Babhtálacha ráta úis (D1) le haghaidh méid barúlach sócmhainní coiteanna PEPP	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar an mBabhtáil ráta úis (D1) maidir le gach rogha infheistíochta PEPP a roinneann an linn sócmhainní chéanna. I gcás babhtálacha, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0060/R0010	Babhtálacha ráta úis (D1) le haghaidh margadhluach sócmhainní coiteanna PEPP	Luach airgeadúil na Babhtála ráta úis (D1) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do na roghanna infheistíochta PEPP uile a roinneann an linn sócmhainní chéanna. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0010/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) le haghaidh méid barúlach PEPP Bhunúsaigh	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) do PEPP Bunúsach. I gcás babhtálacha, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0020/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) do Mhargadhluach PEPP Bhunúsaigh	Luach airgeadúil an Réamhchonartha malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do PEPP Bunúsach. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0030/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) le haghaidh méid barúlach roghanna infheistíochta malartacha	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar an Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) d'aon rogha infheistíochta mhalartach. I gcás babhtálacha, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin.

		Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0040/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) le haghaidh margadhluach roghanna infheistíochta malartacha	Luach airgeadúil an Réamhchonartha malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú don rogha infheistíochta mhalartach. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach
C0050/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) le haghaidh méid barúlach sócmhainní coiteanna PEPP	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar an Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) maidir le gach rogha infheistíochta PEPP a roinneann an linn sócmhainní chéanna. I gcás babhtálacha, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0060/R0020	Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) le haghaidh margadhluach sócmhainní coiteanna PEPP	Luach airgeadúil an Réamhchonartha malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do na roghanna infheistíochta PEPP uile a roinneann an linn sócmhainní chéanna. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0010/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh méid barúlach PEPP Bhunúsaigh	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar dhíorthaigh seachas Babhtálacha ráta úis (D1) Réamhchonradh malairte eachtraí (F2) agus do PEPP Bunúsach. Maidir le todhchaíochtaí agus roghanna a chomhfhreagraíonn do mhéid an chonartha arna iolrú faoin spreag-luach agus líon na gconarthaí a tuairiscíodh sa líne sin. Maidir le babhtálacha agus réamhchonarthaí, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0020/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh Margadhluach PEPP Bhunúsaigh	Luach airgeadúil na ndíorthach seachas Babhtálacha ráta úis (D1) Réamhchonarthaí malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do PEPP Bunúsach. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0030/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh méid barúlach roghanna infheistíochta malartacha	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar na díorthaigh seachas Babhtálacha ráta úis (D1) Réamhchonarthaí malairte eachtraí (F2) do na roghanna infheistíochta malartacha. Maidir le todhchaíochtaí agus roghanna a chomhfhreagraíonn do mhéid an chonartha arna iolrú faoin spreag-luach agus líon na gconarthaí a tuairiscíodh sa líne sin. Maidir le babhtálacha agus réamhchonarthaí, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin.

		Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0040/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh margadhluach roghanna infheistíochta malartacha	Luach airgeadúil na ndíorthach seachas Babhtálacha ráta úis (D1) Réamhchonarthaí malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do roghanna infheistíochta malartacha. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.
C0050/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh méid barúlach sócmhainní coiteanna PEPP	An méid atá cumhdaithe nó neamhchosanta ar dhíorthaigh seachas Babhtálacha ráta úis (D1) agus do Réamhchonarthaí malairte eachtraí (F2) maidir le gach rogha infheistíochta PEPP a roinneann an linn sócmhainní chéanna. Maidir le todhchaíochtaí agus roghanna a chomhfhreagraíonn do mhéid an chonartha arna iolrú faoin spreag-luach agus líon na gconarthaí a tuairiscíodh sa líne sin. Maidir le babhtálacha agus réamhchonarthaí, comhfhreagraíonn sé do mhéid na gconarthaí ar an gconradh a tuairiscíodh sa líne sin. Nuair a bhíonn an spreag-luach ag comhfhreagairt do raon, úsáidfear meánluach an raoin. Tagraíonn an méid barúlach don mhéid atá á fhálú/infheistiú (nuair nach mbíonn rioscaí á gcumhdach). Má tharlaíonn roinnt trádálacha, beidh sé cothrom leis an glanmhéid ar an dáta maidir le tuairisciú.
C0060/R0030	Díorthaigh eile le haghaidh margadhluach sócmhainní coiteanna PEPP	Luach airgeadúil na ndíorthach seachas Babhtálacha ráta úis (D1) Réamhchonarthaí malairte eachtraí (F2) amhail ón dáta maidir le tuairisciú do na roghanna infheistíochta PEPP uile a roinneann an linn sócmhainní chéanna. Is féidir leis a bheith deimhneach, diúltach nó nialasach.

IARSCRÍBHINN III

Tábla CIC

Iarscríbhinn IV: Tábla an Chóid Aitheantais Chomhlántaigh (CIC)

An chéad dá shuíomh		Sócmhainn liostaithe	Cód tíre alfa 2 ISO 3166-1 nó XL (nach bhfuil liostaithe) nó XT (nach bhfuil intrádála le malartú)														
An tríú suíomh	Catagóir	1	2	3	4	5	6	7	8	9	0	A	B	C	D	E	F
		Bannaí rialtais	Bannaí corparáide	Cothromas	Cistí infheistíochta Gnóthas chomhinfheistíochta	Nótaí struchtúrtha	Urrúis chomhthaobhaithe	Airgead agus taiscí	Morgáistí agus iasachtaí	Maoin	Infheistíochtaí eile	Todhchaíochtaí	Céadroghanna ar cheannach	Céadroghanna ar dhíol	Babhtálacha	Conarthaí réamhcheaptha	Díorthaigh chreidmheasa
An ceathrú suíomh	Fochatagóir nó príomhriosca	1	1	1	1	1	1	1	1	1		1	1	1	1	1	1
		Bannaí Rialtais láir	Bannaí corparáide	Gnáthchothromas	Cistí cothromais	Riosca gnáthscaireanna	Riosca gnáthscaireanna	Airgead	Iasachtaí neamhchomhthaobhaithe a rinneadh	Maoin (oifige agus trádhtála)		Todhchaíochtaí cothromais agus innéacsanna	Roghanna innéacs agus cothromais	Roghanna innéacs agus cothromais	Babhtálacha ráta úis	Comhaontú ar réamhráta úis	Babhtáil mainneachtana creidmheasa
		2	2	2	2	2	2	2	2	2		2	2	2	2	2	2
		Bannaí fornáisiúnta	Bannaí in-chomhshóite	Cothromas comhlacht corpraithe a bhaineann le réadmhaoin	Cistí fiachais	Riosca an ráta úis	Riosca an ráta úis	Taiscí inaistrithe (coibhéisí airgid)	Iasachtaí arna gcomhthaobhú le hurrúis	Maoin (chónaitheach)		Todhchaíochtaí ráta úis	Roghanna maidir le bannaí	Roghanna maidir le bannaí	Babhtálacha airgeadra	Réamhchonradh malairte eachtraí	Rogha maidir le raon difríochta creidmheasa

		3	3	3	3	3	3	3		3		3	3	3	3		3
		Bannaí rialtais réigiúnaigh	Páipéar tráchtála	Cearta cothromais	Cistí margaidh airgid	Riosca airgeadra	Riosca airgeadra	Taiscí eile gearrthéarmacha (lúidenó cothrom le bliain amháin)		Maoin (dá úsáid féin)		Todhchaíochtaí airgeadraí	Céadroghanna airgeadra	Céadroghanna airgeadra	Babhtálacha ráta úis agus airgeadra		Babhtáil an raoin difríochta creidmheasa
		4	4	4	4	4	4	4	4	4			4	4			4
		Bannaí rialtais cathrach	Ionstraimí margaidh airgid	Rogha cothromais	Cistí leithdháilte sócmhainní	Riosca creidmheasa	Riosca creidmheasa	Taiscí eile le téarma níos faide ná bliain amháin	Morgáistí	Maoin (á tógáil)			Barántais	Barántais			Babhtáil an toraidh iomláin
		5	5		5	5	5	5	5	5		5	5	5	5		
		Bannaí státchiste	Bannaí hibrideacha		Cistí réadmhaoine	Riosca réadmhaoine	Riosca réadmhaoine	Taiscí le hárachóirí géillte	Iasachtaí comhthaobhaithe eile a rinneadh	Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin)		Todhchaíochtaí tráchtearraí	Roghanna tráchtearraí	Roghanna tráchtearraí	Babhtálacha urrúis		
		6	6		6	6	6		6				6	6			
		Banna faoi chumhdach	Bannaí coiteanna faoi chumhdach		Cistí malartacha	Riosca tráchtearraí	Riosca tráchtearraí		Iasachtaí ar pholasaithe				Roghtálacha	Roghtálacha			

		7	7		7	7	7					7	7	7	7	7	
		Bainc Cheannais Náisiúnta	Bannaí faoi chumhdach faoi réir dlí sonrach		Cistí cothromais phríobháidigh	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Riosca mórthubaistí agus aimsire					Riosca mórthubaistí agus aimsire	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Riosca mórthubaistí agus aimsire	
			8		8	8	8					8	8	8	8	8	
			Fobhannaí		Cistí bonneagair	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta					Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	Riosca mortlaíochta	
		9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9	9
		Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile	Eile

IARSCRÍBHINN IV

Sainmhínithe an Tábla CIC

An chéad dá shuíomh - Sócmhainní a liostaítear in		**Sainmhíniú**
Tír	Cód tíre alfa 2 ISO 3166-1	Cód tíre alfa 2 ISO 3166-1 ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe a shainaithint. Meastar go bhfuil sócmhainn liostaithe má dhéantar í a chaibidliú ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Má liostaítear an tsócmhainn i níos mó ná tír amháin nó má úsáideann an gnóthas soláthraí praghsanna chun críocha luachála atá ar cheann de na margaí rialáilte nó an tsaoráid trádála iltaobhach ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe, beidh an tír ar cheann den mhargadh rialáilte nó den tsaoráid trádála iltaobhach sin a úsáidtear mar an tagairt chun críocha luachála.
XV	Sócmhainní a liostaítear i dtír amháin nó i níos mó ná tír amháin	Sócmhainní a liostaítear i dtír amháin nó níos mó ach nuair a úsáideann an gnóthas soláthraí praghsanna chun críocha luachála nach bhfuil ar cheann de na margaí rialáilte nó an tsaoráid trádála iltaobhach ina bhfuil an tsócmhainn liostaithe.
XL	Sócmhainní nach liostaítear i stocmhalartán	Sócmhainní nach ndéantar a chaibidliú ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE.
XT	Sócmhainní nach bhfuil intrádála le malartú	Sócmhainní nach bhfuil, de bharr a gcineáil, faoi réir caibidliú ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE.
An tríú agus an ceathrú suíomh - Catagóir		**Sainmhíniú**
1	**Bannaí rialtais**	**Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis phoiblí, cibé ag rialtais láir, institiúidí rialtais fornáisiúnta, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla, agus bannaí atá ráthaithe go hiomlán, go neamh-choinníollach agus neamh-inchúlghairthe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag rialtas láir na mBallstát agus ag bainc cheannais, atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra náisiúnta an rialtais láir agus an bhainc ceannais sin, na mbanc forbartha iltaobhaí dá dtagraítear in Airteagal 117(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([2]) nó eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás ina gcomhlíonann an ráthaíocht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 215 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún ([3]).** **Maidir le bannaí lena ngabhann ráthaíocht cháilitheach, déanfar an tríú agus an ceathrú suíomh a shannadh trí thagairt d'eintiteas a sholáthraíonn an ráthaíocht.**
11	Bannaí Rialtais Láir	Bannaí arna n-eisiúint ag rialtais láir.
12	Bannaí fornáisiúnta	Bannaí arna n-eisiúint ag institiúidí poiblí a bhunaítear trí ghealltanas idir stáit náisiúnta, e.g. arna n-eisiúint ag banc forbartha iltaobhach dá dtagraítear in Airteagal 117(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó arna n-eisiúint ag eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

13	Bannaí rialtais réigiúnaigh	Ionstraimí airgeadais rialtais réigiúnaigh nó pobail fhéinrialaithigh a thairgtear don phobal i dtairiscint phoiblí ar an margadh caipitil.
14	Bannaí údarás áitiúil	Bannaí arna n-eisiúint ag údaráis áitiúla, lena n-áirítear cathracha, cúigí, ceantair agus údaráis bhardasacha eile
15	Bannaí státchiste	Bannaí rialtais ghearrthéarmacha, arna n-eisiúint ag rialtais láir (arna n-eisiúint le téarma aibíochta suas go dtí 1 bhliain amháin).
16	Bannaí faoi chumhdach	Bannaí rialtais ag a bhfuil linn sócmhainní a urraíonn nó a "chumhdaíonn" an banna. Fanann na sócmhainní sin ar chlár comhardaithe an eisitheora.
17	Bainc Cheannais Náisiúnta	Bannaí arna n-eisiúint ag bainc cheannais náisiúnta.
19	Eile	Bannaí rialtais eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuas.
2	**Bannaí corparáide**	**Bannaí arna n-eisiúint ag corparáidí**
21	Bannaí corparáide	Bannaí arna n-eisiúint ag comhlachtaí corpraithe, lena ngabhann saintréithe simplí, a chumhdaíonn na cinn dá dtagraítear mar "chéadroghanna loma", agus nach bhfuil aon ghné speisialta ag baint leo ar a dtugtar tuairisc sna catagóirí ó 22 go 28.
22	Bannaí in-chomhshóite	Bannaí corparáide ar féidir leis an sealbhóir iad a chomhshó ina scaireanna de stoc roinnte sa chuideachta is eisitheoir nó ina airgead de luach cothrom, ag a bhfuil gnéithe fiachais agus gnéithe atá cosúil le cothromas.
23	Páipéar tráchtála	Ionstraim fiachais neamhurraithe, ghearrthéarmach arna heisiúint ag comhlacht corpraithe, chun cuntais infhála agus fardail a chistiú agus dliteanais ghearrthéarmacha a chomhlíonadh de ghnáth, le haibíocht tosaigh nach lú ná 270 lá de ghnáth.
24	Ionstraimí margaidh airgid	Urrúis fiachais an-ghearrthéarmach (le haibíochtaí idir 1 lá amháin suas go dtí 1 bhliain amháin de ghnáth), ina gcuimsítear deimhnithe taisce inaistrithe den chuid is mó, glacadh baincéirí agus ionstraimí ard-leachtacha eile. Ní áirítear páipéar tráchtála sa chatagóir seo.
25	Bannaí hibrideacha	Bannaí corparáide ag a bhfuil gnéithe fiachais agus gnéithe atá cosúil le cothromas, ach nach féidir a chomhshó.
26	Bannaí coiteanna faoi chumhdach	Bannaí corparáide ag a bhfuil linn sócmhainní a urraíonn nó a "chumhdaíonn" an banna. Fanann na sócmhainní sin ar chlár comhardaithe an eisitheora. Ní áirítear bannaí faoi chumhdach atá faoi réir dlí sonrach sa chatagóir seo.
27	Bannaí faoi chumhdach faoi réir dlí sonrach	Bannaí corparáide ag a bhfuil linn sócmhainní a urraíonn nó a "chumhdaíonn" an banna má éiríonn an tionscnóir dócmhainneach agus iad faoi réir dlí maoirseachta speisialta poiblí arna gceapadh chun sealbhóirí bannaí a chosaint, mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Sampla den chatagóir seo is ea banna morgáiste intíre: "Bannaí faoi chumhdach a eisítear ar bhonn an Achta um Bhanna Morgáiste Intíre. Úsáidtear iad chun iasachtaí dá gcuirtear comhthaobhacht isteach i bhfoirm iasachtaí arna n-urrú ag liain réadmhaoine (Bannaí Morgáiste Intíre), iasachtaí na hearnála poiblí (Bannaí Morgáiste Intíre Poiblí), morgáistí long (Bannaí Morgáiste Intíre Long) nó morgáistí aerárthaí (Bannaí Morgáiste Intíre Aerárthaí). Dá bhrí sin, tagraíonn an t-idirdhealú a dhéantar idir na cineálacha Bannaí Morgáiste Intíre sin don chomhthiomsú cumhdaigh a cruthaíodh maidir le gach cineál Banna Morgáiste Intíre."

28	Fobhannaí	Bannaí corparáide lena ngabhann tosaíocht níos ísle ná bannaí eile de chuid an eisitheora i gcás leachtaithe.
29	Eile	Bannaí corparáide eile, le saintréithe eile seachas na cinn a sainaithníodh sna catagóirí thuasluaite.
3	**Cothromas**	**Scaireanna agus urrúis eile atá i gcoibhéis le scaireanna a léiríonn caipiteal comhlachtaí corpraithe, i.e., a léiríonn úinéireacht i gcomhlacht corpraithe.**
31	Gnáthchothromas	Cothromas a léiríonn bunchearta maoine ar chomhlachtaí corpraithe.
32	Cothromas comhlacht corpraithe a bhaineann le réadmhaoin	Cothromas a léiríonn caipiteal ó chomhlachtaí corpraithe a bhaineann le réadmhaoin.
33	Cearta cothromais	Cearta maidir le suibscríobh do scaireanna cothromais bhreise ar phraghas socraithe.
34	Rogha cothromais	Urrús cothromais arb urrús sinsearach é leis an ngnáthchothromas, agus éileamh níos airde aige ar shócmhainní agus ar thuilleamh i gcomparáid le gnáthchothromas, ach é faoi réir bannaí.
39	Eile	Cothromas eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
4	**Gnóthais chomhinfheistíochta**	**Ciallaíonn gnóthas comhinfheistíochta gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE nó ciste infheistíochta malartach (CIM) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(a) de Threoir 2011/61/AE.**
41	Cistí cothromais	Gnóthais chomhinfheistíochta atá infheistithe i gcothromas den chuid is mó.
42	Cistí fiachais	Gnóthais chomhinfheistíochta atá infheistithe i mbannaí den chuid is mó.
43	Cistí margaidh airgid	Gnóthais chomhinfheistíochta faoin sainmhíniú arna sholáthar ag ESMA (CESR/10-049).
44	Cistí leithdháilte sócmhainní	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn a gcuid sócmhainní d'fhonn cuspóir sonrach a bhaint amach maidir le leithdháileadh sócmhainní, e.g. ag infheistiú den chuid is mó in urrúis cuideachtaí i dtíortha ina bhfuil stocmhargaí nuaghinte nó geilleagair bheaga, earnálacha sonracha nó grúpaí earnálacha, tíortha sonracha nó cuspóir infheistíochta sonrach eile.
45	Cistí réadmhaoine	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn i réadmhaoin den chuid is mó.
46	Cistí malartacha	Gnóthais chomhinfheistíochta ina gcuimsítear fálú, luach treoch agus coibhneasta ioncaim sheasta, bunaithe ar theagmhais, todhchaíochtaí bainistithe, tráchtearraí, etc.
47	Cistí cothromais phríobháidigh	Gnóthais chomhinfheistíochta a úsáidtear chun infheistíochtaí a dhéanamh in urrúis chothromais i ndiaidh straitéisí atá bainteach le cothromas príobháideach.
48	Cistí bonneagair	Gnóthais chomhinfheistíochta a infheistíonn i bhfóntais amhail dola-bhóthair, droichid, tolláin, calafoirt agus aerfoirt, dáileadh ola agus gáis, dáileadh leictreachais agus bonneagar sóisialta amhail saoráidí cúraim sláinte agus oideachais.
49	Eile	Gnóthais chomhinfheistíochta, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.

5	**Nótaí struchtúrtha**	**Urrúis hibride, ag cónascadh ionstraim ioncaim sheasta (toradh i bhfoirm íocaíochtaí socraithe) le sraith comhpháirteanna díorthach. Níl urrúis ioncaim sheasta a eisíonn rialtais cheannasacha san áireamh sa chatagóir seo. Baineann sé le hurrúis a bhfuil catagóir amháin nó teaglaim catagóirí díorthach leabaithe acu, lena n-áirítear Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa (CDS), Babhtálacha Aibíochta Tairisí (CMS), Roghanna Mainneachtana Creidmheasa (CDOp). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh.**
51	Riosca gnáthscaireanna	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca gnáthscaireanna den chuid is mó.
52	Riosca an ráta úis	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca an ráta úis den chuid is mó.
53	Riosca airgeadra	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca airgeadra den chuid is mó.
54	Riosca creidmheasa	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca creidmheasa den chuid is mó.
55	Riosca réadmhaoine	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca réadmhaoine den chuid is mó.
56	Riosca tráchtearraí	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca tráchtearraí den chuid is mó.
57	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
58	Riosca mortlaíochta	Nótaí struchtúrtha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
59	Eile	Nótaí struchtúrtha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
6	**Urrúis chomhthaobhaithe**	**Urrúis a ndíorthaítear a luach agus a n-íocaíochtaí ó phunann bunsócmhainní. Áirítear leo Urrúis Shócmhainn-bhunaithe (ABS), urrúis Mhorgáiste-bhunaithe (MBS), Urrúis Tráchtálach le Taca Morgáistí (CMBS), Oibleagáidí Fiachais atá Comhthaobhaithe (CDO), Oibleagáidí Iasachta atá Comhthaobhaithe (CLO), Oibleagáidí Morgáiste atá Comhthaobhaithe (CMO). Níl sócmhainní faoin gcatagóir seo faoi réir díchuachadh.**
61	Riosca gnáthscaireanna	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca gnáthscaireanna den chuid is mó.
62	Riosca an ráta úis	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca an ráta úis den chuid is mó.
63	Riosca airgeadra	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca airgeadra den chuid is mó.
64	Riosca creidmheasa	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca creidmheasa den chuid is mó.
65	Riosca réadmhaoine	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca réadmhaoine den chuid is mó.
66	Riosca tráchtearraí	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca tráchtearraí den chuid is mó.
67	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca tubaistí nó aimsire den chuid is mó.
68	Riosca mortlaíochta	Urrúis chomhthaobhaithe atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
69	Eile	Urrúis chomhthaobhaithe eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.

7	**Airgead agus taiscí**	**Airgead san fhoirm fhisiceach, coibhéis airgid, taiscí bainc agus taiscí airgid eile.**
71	Airgead	Airgead i gcúrsaíocht a úsáidtear go minic chun íocaíochtaí a dhéanamh.
72	Taiscí inaistrithe (coibhéisí airgid)	Taiscí atá inmhalartaithe ar airgeadra ar éileamh ar par agus atá inúsáidte go díreach chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic, dréacht, ordú gíoró, dochar/sochar díreach, nó saoráid íocaíochta dírí eile, gan phionós nó shrian.
73	Taiscí eile gearrthéarmacha (níos lú nó cothrom le bliain amháin)	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, a mbeidh fágtha den téarma níos ísle nó cothrom le haon bhliain amháin nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ag aon tráth agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra nó taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis shuntasaigh.
74	Taiscí eile le téarma níos faide ná bliain amháin	Taiscí seachas taiscí inaistrithe, a mbeidh fágtha den téarma níos airde nó cothrom le haon bhliain amháin nach féidir a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh ag aon tráth agus nach bhfuil inaistrithe ar airgeadra nó taiscí inaistrithe gan aon chineál sriain ná pionóis shuntasaigh.
75	Taiscí le hárachóirí géillte	Taiscí a bhaineann le hathárachas arna ghlacadh.
79	Eile	Airgead agus taiscí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite
8	**Morgáistí agus iasachtaí**	**Sócmhainní airgeadais a chruthaítear nuair a thugann creidiúnaithe cistí ar iasacht d'fhéichiúnaithe, le comhthaobhacht nó dá huireasa, lena n-áirítear linnte airgid.**
81	Iasachtaí neamh-chomhthaobhaithe a rinneadh	Iasachtaí a dhéantar gan chomhthaobhacht.
82	Iasachtaí arna gcomhthaobhú le hurrúis	Iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht i bhfoirm urrús airgeadais.
84	Morgáistí	Iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht i bhfoirm réadmhaoine.
85	Iasachtaí comhthaobhaithe eile a rinneadh	Iasachtaí a dhéantar le comhthaobhacht in aon fhoirm eile.
86	Iasachtaí ar pholasaithe	Iasachtaí a dhéantar le polasaithe árachais mar chomhthaobhacht.
89	Eile	Morgáistí agus iasachtaí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
9	**Maoin**	**Foirgnimh, talamh, earraí caipitiúla eile atá sochorraithe agus trealamh.**
91	Maoin (oifige agus tráchtála)	Foirgneamh oifige agus tráchtála a úsáidtear i gcomhair infheistíochta.
92	Maoin (chónaitheach)	Foirgnimh chónaithe a úsáidtear i gcomhair infheistíochta.
93	Maoin (dá úsáid féin)	Réadmhaoin d'úsáid an ghnóthais féin.
94	Maoin (á tógáil i gcomhair infheistíochta)	Réadmhaoin atá á tógáil, le húsáid mar infheistíocht sa todhchaí.
95	Gléasra agus trealamh (dá úsáid féin)	Gléasra agus trealamh d'úsáid an ghnóthais féin.
96	Maoin (á tógáil dá úsáid féin)	Réadmhaoin atá á tógáil, dá úsáid féin sa todhchaí.
99	Eile	Réadmhaoin eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
0	Infheistíochtaí eile	Sócmhainní eile a bhfuil tuairisciú orthu in "Infheistíochtaí eile".

A	**Todhchaíochtaí**	**Conradh caighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn shonraithe de chainníocht agus de cháilíocht chaighdeánaithe a cheannach nó a dhíol ar dháta sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu.**
A1	Todhchaíochtaí cothromais agus innéacsanna	Todhchaíochtaí le cothromas scairshealbhóirí nó innéacsanna stocmhalartáin mar ionstraimí foluiteacha.
A2	Todhchaíochtaí ráta úis	Todhchaíochtaí le bannaí nó urrús eile atá spleách ar ráta úis mar ionstraim fholuiteach.
A3	Todhchaíochtaí airgeadraí	Todhchaíochtaí le hairgeadraí nó urrús eile atá spleách ar airgeadraí mar urrús foluiteach.
A5	Todhchaíochtaí tráchtearraí	Todhchaíochtaí le tráchtearraí nó urrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar urrús foluiteach.
A7	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Todhchaíochtaí atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
A8	Riosca mortlaíochta	Todhchaíochtaí atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
A9	Eile	Todhchaíochtaí eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
B	**Céadroghanna ar cheannach**	**Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a cheannach ar phraghas tagartha i rith tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar cheannach an ceart, ach ní an oibleagáid, an bhunsócmhainn a cheannach.**
B1	Roghanna innéacs agus cothromais	Céadroghanna ar cheannach le cothromas scairshealbhóirí nó innéacsanna stocmhalartáin mar ionstraim fholuiteach.
B2	Roghanna maidir le bannaí	Céadroghanna ar cheannach le bannaí nó urrús eile atá spleách ar ráta úis mar urrús foluiteach.
B3	Céadroghanna airgeadra	Céadroghanna ar cheannach le hairgeadraí nó urrús eile atá spleách ar airgeadraí mar urrús foluiteach.
B4	Barántais	Céadroghanna ar cheannach a thugann teidlíocht don sealbhóir stoc de chuid na cuideachta eisiúna a cheannach ar phraghas sonraithe.
B5	Roghanna tráchtearraí	Céadroghanna ar cheannach le tráchtearraí nó urrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar urrús foluiteach.
B6	Roghtálacha	Céadroghanna ar cheannach a dheonaíonn an ceart ach ní an oibleagáid ar a úinéir suíomh fada a ghlacadh i mbabhtáil fholuiteach, i.e., babhtáil a dhéanamh ina n-íocann an t-úinéir an ghné shocraithe agus faigheann sé an ghné chomhlúthach.
B7	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Céadroghanna ar cheannach atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
B8	Riosca mortlaíochta	Céadroghanna ar cheannach atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
B9	Eile	Céadroghanna ar cheannach eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
C	**Céadroghanna ar dhíol**	**Conradh idir dhá pháirtí a bhaineann le sócmhainn a dhíol ar phraghas tagartha i rith tráthchlár sonraithe, i gcás ina ngnóthaíonn ceannaitheoir na céadrogha ar dhíol an ceart, ach ní an oibleagáid, an bhunsócmhainn a dhíol.**
C1	Roghanna cothromais agus innéacs	Céadroghanna ar dhíol le cothromas scairshealbhóirí nó innéacsanna stocmhalartáin mar ionstraim fholuiteach.
C2	Roghanna bannaí	Céadroghanna ar dhíol le bannaí nó urrús eile atá spleách ar ráta úis mar urrús foluiteach.

C3	Céadroghanna airgeadraí	Céadroghanna ar dhíol le hairgeadraí nó urrús eile atá spleách ar airgeadraí mar urrús foluiteach.
C4	Barántais	Céadroghanna ar dhíol a thugann teidlíocht don sealbhóir stoc de chuid na cuideachta eisiúna a dhíol ar phraghas sonraithe.
C5	Roghanna tráchtearraí	Céadroghanna ar dhíol le tráchtearraí nó urrús eile atá spleách ar thráchtearraí mar urrús foluiteach.
C6	Roghtálacha	Céadroghanna ar dhíol a dheonaíonn an ceart ach ní an oibleagáid ar a úinéir suíomh fada a ghlacadh i mbabhtáil fholuiteach, i.e., babhtáil a dhéanamh ina bhfaighidh an t-úinéir an ghné shocraithe agus íocfaidh sé an ghné chomhlúthach.
C7	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Céadroghanna ar dhíol atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
C8	Riosca mortlaíochta	Céadroghanna ar dhíol atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
C9	Eile	Céadroghanna ar dhíol eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
D	**Babhtálacha**	**Conradh ina malartaíonn contrapháirtithe sochair áirithe d'ionstraim airgeadais páirtí amháin ar shochair ionstraim airgeadais an pháirtí eile, agus ina mbíonn na sochair lena mbaineann ag brath ar an gcineál ionstraimí airgeadais a bhíonn i dtrácht.**
D1	Babhtálacha ráta úis	Babhtáil ina ndéantar sreafaí úis a mhalartú.
D2	Babhtálacha airgeadra	Babhtáil ina ndéantar airgeadra a mhalartú.
D3	Babhtálacha ráta úis agus airgeadra	Babhtáil ina ndéantar sreafaí úis agus airgeadra a mhalartú.
D4	Babhtáil an toraidh iomláin	Babhtáil ina bhfuil taobh an ráta neamhshreafa bunaithe ar thoradh iomlán cothromais nó ionstraim ioncaim sheasta ag a bhfuil saolré níos faide ná an bhabhtáil.
D5	Babhtálacha urrúis	Babhtáil ina ndéantar urrúis a mhalartú.
D7	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Babhtálacha atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
D8	Riosca mortlaíochta	Babhtálacha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
D9	Eile	Babhtálacha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.
E	**Conarthaí réamhcheaptha**	**Conradh neamhchaighdeánaithe idir dhá pháirtí chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol ag am sonraithe sa todhchaí ar phraghas a chomhaontófar inniu.**
E1	Comhaontú ar réamhráta úis	Conradh réamhcheaptha ina n-íocann páirtí amháin ráta seasta úis de ghnáth, agus faigheann sé ráta comhlúthach a bhíonn bunaithe de ghnáth ar bhun-ráta innéacs, ar an réamh-dháta réamhshainithe.
E2	Réamhchonradh malairte eachtraí	Conradh réamhcheaptha ina n-íocann páirtí amháin suim in airgeadra amháin, agus ina bhfaigheann sé suim choibhéiseach in airgeadra difriúil a leanann as an tiontú ag úsáid ráta malairte an chonartha, ar an réamh-dháta réamhshainithe.
E7	Riosca mórthubaistí agus aimsire	Conarthaí réamhcheaptha atá neamhchosanta ar riosca mórthubaistí nó aimsire den chuid is mó.
E8	Riosca mortlaíochta	Conarthaí réamhcheaptha atá neamhchosanta ar riosca mortlaíochta den chuid is mó.
E9	Eile	Conarthaí réamhcheaptha eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.

F	**Díorthaigh chreidmheasa**	**Díorthach a ndíorthaítear a luach ón riosca creidmheasa ar bhanna, iasacht nó aon sócmhainn airgeadais fholuiteach eile.**
F1	Babhtáil mainneachtana creidmheasa	Idirbheart díorthach creidmheasa ina ndéanann dhá pháirtí comhaontú ina n-íocann páirtí amháin cúpón tréimhsiúil socraithe leis an bpáirtí eile ar feadh na tréimhse atá sonraithe ar an gcomhaontú agus ní dhéanann an páirtí eile aon íocaíochtaí mura dtarlaíonn teagmhas creidmheasa a bhaineann le sócmhainn thagartha réamhchinnte.
F2	Rogha maidir le raon difríochta creidmheasa	Díorthach creidmheasa a ghinfidh sreafaí airgid má athraíonn an raon difríochta creidmheasa ar leith idir dhá shócmhainn nó thagarmharc shonracha ón leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair.
F3	Babhtáil an raoin difríochta creidmheasa	Babhtáil ina ndéanann páirtí amháin íocaíocht shocraithe leis an gceann eile ar dháta socraíochta na babhtála agus íocann an dara páirtí suim leis an gcéad pháirtí bunaithe ar an raon difríochta creidmheasa iarbhír.
F4	Babhtáil an toraidh iomláin	Babhtáil ina bhfuil taobh an ráta neamhshreafa bunaithe ar thoradh iomlán cothromais nó ionstraim ioncaim sheasta ag a bhfuil saolré níos faide ná an bhabhtáil.
F9	Eile	Díorthaigh chreidmheasa eile, nach n-aicmítear faoi na catagóirí thuasluaite.

([1]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó Árachais agus Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II) (IO L 12, 17.1.2015, lch. 1).

([4]) Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE agus Treoir 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29).

IARSCRÍBHINN V

Teimpléad i gcomhair clárú

1. An dáta a gcomhlánófar an teimpléad clárúcháin

2. Ballstát

3. Ainm an údaráis inniúil;

4. Pointe teagmhála aonair (ainm/teileafón/ríomhphost);

5. An cineál iarratais (iarratas den chéad uair/athrú ar iarratas roimhe seo/clabhsúr le gníomhaíochtaí)

6. Uimhir chlárúcháin PEPP (murab é an chéad iarratas é)

7. An dáta ar ar glacadh le cinneadh;

8. Ainm, seoladh, agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe an tsoláthraí PEPP sa Bhallstát baile;

9. Aitheantóir eintiteas dlítheanach an tsoláthraí PEPP, i gcás ina bhfuil fáil air;

10. An cineál soláthraí PEPP a roghnófar ó roghchlár anuas i gcomhréir leis an liosta in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1238);

11. Na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí PEPP margaíocht a dhéanamh ar PEPP (agus cineál: FOS/FOE);

12. Na Ballstáit dár oscail an soláthraí PEPP fochuntas nó a bhfuil sé i gceist aige fochuntas a oscailt dóibh;

13. Gnáth-théarmaí an chonartha, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1238;
    - tuairisc ar an PEPP Bunúsach, lena n-áirítear aon ráthaíocht arna tairiscint ar an bhfeidhmíocht infheistíochta, leibhéal ar leith sochar srl. agus an teicníc um maolú riosca;
    - tuairisc ar na roghanna infheistíochta malartacha, i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear aon ráthaíocht arna tairiscint ar an bhfeidhmíocht infheistíochta, leibhéal ar leith sochar srl. agus an teicníc um maolú riosca;

14. Tabhair tuairisc ar na coinníollacha a bhaineann le modhnú na rogha infheistíochta;

15. Cumhdach riosca bhithmhéadraigh, i gcás inarb ábhartha;
    - Tabhair tuairisc ar na sonraí a bhaineann leis an gcumhdach riosca bhithmhéadraigh
    - Tabhair tuairisc ar na rudaí a spreagann an cumhdach riosca bhithmhéadraigh

16. Sochair scoir PEPP;
    - Tabhair tuairisc ar na cineálacha sochar a thairgtear;
    - Tabhair tuairisc ar na foirmeacha féideartha ina bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh;
    - I gcás inarb infheidhme, tabhair tuairisc ar an gcumhdach breise a thairgtear (e.g. cúram fadtéarmach, rioscaí bithmhéadracha breise, etc.) agus cé a sholáthraíonn an cumhdach breise;
    - Tabhair tuairisc ar an gceart maidir leis an bhfoirm íocaíochta a athrú;

17. Tabhair tuairisc ar na coinníollacha a bhaineann leis an tseirbhís inaistritheachta;

18. Tabhair tuairisc ar na coinníollacha a bhaineann leis an tseirbhís malartaithe;

19. Tabhair tuairisc ar na catagóirí costas agus na costais chomhiomlána ar an iomlán arna áireamh de réir téarmaí céatadáin agus i dtéarmaí airgeadaíochta, i gcás inarb infheidhme;

20. Tabhair tuairisc ar na coinníollacha a bhaineann le céim an charntha maidir leis an bhfochuntas/na fochuntais faoi seach;

21. Tabhair tuairisc ar na coinníollacha a bhaineann le céim an dícharntha maidir leis an bhfochuntas/na fochuntais faoi seach;

22. I gcás inarb infheidhme, tabhair tuairisc ar na coinníollacha faoina ndéanfar buntáistí nó dreasachtaí arna ndeonú a aisíoc le Ballstát cónaithe an choigilteora PEPP;

23. Gach doiciméad faisnéise bunriachtanaí PEPP a bhaineann leis an PEPP seo, mar cheangaltán i bhformáid a bheidh inléite ag meaisín.

IARSCRÍBHINN VI

Teimpléad maidir le fógra i leith clárú

1. An dáta a gcomhlánófar an clárú;

2. Pointe teagmhála ainmnithe in ÚEÁPC (ainm/teileafón/ríomhphost);

3. Uimhir chlárúcháin PEPP;

IARSCRÍBHINN VII

Teimpléad i gcomhair díchlárú

1. An dáta a gcomhlánófar an teimpléad díchlárúcháin;

2. Ballstát;

3. Ainm an Údaráis Inniúil;

4. Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

5. Uimhir chlárúcháin PEPP;

6. An dáta ar ar glacadh le cinneadh;

7. An chúis leis an díchlárú.

IARSCRÍBHINN VIII

Teimpléad maidir le fógra i leith díchlárú

1 An dáta a gcomhlánófar fógra maidir le díchlárú; 2 Uimhir chlárúcháin PEPP.

IARSCRÍBHINN IX

Teimpléad maidir le fochuntas a oscailt

Dáta;

Ó:

Ballstát;

Údarás inniúil iarrthach;

Pointe teagmhála ainmnithe (teileafón/ríomhphost);

Chuig:

Ballstát;

Údarás inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

An cineál iarratais (iarratas den chéad uair/athrú ar iarratas roimhe sin)

An dáta ar a bhfuarthas iarraidh chomhlánaithe agus chruinn chun fochuntas nua a oscailt i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Dáta tosaigh beartaithe na ngníomhaíochtaí;

Ainm, seoladh, agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe an tsoláthraí PEPP sa Bhallstát baile;

Aitheantóir eintiteas dlítheanach an tsoláthraí PEPP, i gcás ina bhfuil fáil air;

An cineál soláthraí PEPP;

An uimhir chlárúcháin PEPP;

An ráiteas ginearálta sochair;

An doiciméad faisnéise bunriachtanaí PEPP don fhochuntas.

Tuairisc ar na socruithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2019/1238, i gcás inarb infheidhme;

Tuairisc ar chomhlíontacht an tsoláthraí PEPP leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/1238, i gcás inarb infheidhme.

IARSCRÍBHINN X

Teimpléad maidir le fógra i leith fochuntas a oscailt

Dáta;

Ó:

Ballstát;

Údarás inniúil iarrthach;

Pointe teagmhála ainmnithe (teileafón/ríomhphost);

Chuig:

Ballstát;

Údarás inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

An dáta ar a bhfuarthas iarraidh chomhlánaithe agus chruinn chun teimpléad d'fhochuntas nua a oscailt;

Admháil go bhfuarthas an iarraidh.

IARSCRÍBHINN XI

Teimpléad don iarraidh ar fhaisnéis/chomhar

Uimhir thagartha;

Dáta;

Ó:

Ballstát;

Údarás inniúil iarrthach;

Pointe teagmhála ainmnithe (teileafón/ríomhphost);

Chuig:

Ballstát;

Údarás inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

Na cúiseanna leis an iarraidh;

An iarraidh iarbhír;

Tagairtí;

An uimhir chlárúcháin PEPP;

Malartú faisnéise, i gcás inarb infheidhme;

Rúndacht;

Faisnéis bhreise;

Práinn.

IARSCRÍBHINN XII

Teimpléad don fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis/chomhar

Uimhir thagartha na hiarrata;

Dáta;

Dáta fála na hiarrata ar fhaisnéis/chomhar;

Ó:

Ballstát;

Údarás inniúil iarrthach;

Pointe teagmhála ainmnithe (teileafón/ríomhphost);

Chuig:

Ballstát;

Údarás inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

An uimhir chlárúcháin PEPP;

An freagra ar an iarraidh;

Na cúiseanna nár cloíodh leis an sprioc-am don iarraidh agus an sprioc-am measta;

Rúndacht;

Faisnéis bhreise.

IARSCRÍBHINN XIII

Teimpléad maidir le fógra i leith sárú

Uimhir thagartha an fhógra;

Dáta;

Ó:

Ballstát;

Údarás inniúil iarrthach;

Pointe teagmhála ainmnithe (teileafón/ríomhphost);

Chuig:

Ballstát;

Údarás inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

Ábhar:

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 8(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 8(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 8(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 8(1)(d) de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt d'údarás inniúil de bhun Airteagal 67 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Fógra a thabhairt do ÚEAPC de bhun Airteagal 67 de Rialachán (AE) 2019/1238;

Uimhir tháirge PEPP;

An tír/na tíortha inar tharla an sárú;

An cineál sáraithe:

Cineál;

Ábharthacht;

Marthanacht;

Na gníomhaíochtaí molta:

An cineál gníomhaíochta;

Cur chun feidhme beartaithe/éifeacht na gníomhaíochta;

An tír/na tíortha ina mbeidh éifeacht ag na gníomhaíochtaí;

Fianaise chun údar a thabhairt don chinneadh;

Práinn;

Tagairtí;

Foilsiú beartaithe.

IARSCRÍBHINN XIV

Teimpléad faisnéise maidir leis na forálacha náisiúnta

An dáta a gcomhlánófar an teimpléad faisnéise maidir leis na forálacha náisiúnta;

Ballstát;

Ainm an údaráis inniúil;

Pointe teagmhála ainmnithe (ainm/teileafón/ríomhphost);

An cineál iarratais (iarratas den chéad uair/athrú ar iarratas roimhe sin);

Nasc chuig an bhfaisnéis atá ábhartha don údarás inniúil.